

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

22 Iúil 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2021/1203 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a chuimsiú le haghaidh táirgí áirithe iascaigh <sup>(1)</sup> ..... 1
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1204 ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta iarratais agus an nós imeachta roghnúcháin faoin gCiste don Nuálaíocht ..... 4
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1205 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc <sup>(1)</sup> ..... 8

#### TREORACHA

- ★ Treoir Tarmligthe (AE) 2021/1206 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/90/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le trealamh muirí a mhéid a bhaineann leis an gcaighdeán is infheidhme maidir le saotharlanna a úsáideann comhlachtaí um measúnú comhréireachta le haghaidh trealamh muirí <sup>(1)</sup> ..... 45

#### CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2021/1207 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh 2003/77/CE lena leagtar síos treoirlínte airgeadais ilbhliantúla maidir le sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, Sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú ..... 47

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh (AE) 2021/1208 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh 2003/76/CE lena mbunaítear na bearta is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, ar Prótacal é atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach ..... 54
- 

#### Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021) (IO L 0, 30.6.2021) ..... 58

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2021/1203 ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a chuimsiú le haghaidh táirgí áirithe iascaigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus foráiltear maidir leis an mbainistiú sin. Cinneadh méideanna iomchuí le haghaidh gach taraif-chuóta chun a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach chuig tionscal an Aontais le haghaidh na tréimhse sin.
- (2) Faoi láthair, braitheann soláthairtí táirgí iascaigh áirithe san Aontas ar allmhairí ó thríú tíortha. Le deacáidí beaga anuas, d'éirigh an tAontas níos spleáiche ar allmhairí chun tomhaltas táirgí iascaigh ann a shásamh. I dtreo nach gcuirfeadh táirgeadh táirgí iascaigh an Aontais i gcontúirt agus chun soláthar leordhóthanach a áirithiú chuig tionscal próiseála an Aontais, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin a chur ar fionraí i gcás scuideanna Patagónacha, scadáin atá leasaithe faoi sháile, scadáin reoite, filléid reoite agus flapaí scadán, filléid phéirsí mara agus speicis éagsúla éisc reoite laistigh de tharaif-chuótaí ar mhéid iomchuí.
- (3) Tá feidhm shealadach ag an gComhaontú Trádála agus Comhair <sup>(2)</sup> idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ón 1 Eanáir 2021. Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, foráiltear maidir le rochtain le haghaidh táirgí iascaigh tionscnaimh atá saor ó dhleacht agus saor ó chuóta. Na Tíortha agus na Críocha thar Lear de chuid na Breataine, áfach, níl siad comhlachaithe leis an Aontas a thuilleadh ná ní bhaineann a n-onnmhairí táirgí iascaigh chuig an Aontas leas as laghduithe taraife a thuilleadh.
- (4) Thairis sin, na prótacail bhreise leis an Íoslainn <sup>(3)</sup> agus an Iorua <sup>(4)</sup>, ar prótacail iad lena bhforáiltear maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh, chuaigh siad in éag an 30 Aibreán 2021. Ós rud é nár tugadh an chaibidlíocht le haghaidh cuótaí nua i gcrích sula ndeachaigh na prótacail bhreise in éag, d'fhéadfadh sé go gcruthódh sé sin easpa táirgí iascaigh atá saor ó dhleacht lena bpróiseáil san Aontas.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2020/1706 a leasú dá réir.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 lena n-osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021-2023 (IO L 385, 17.11.2020, lch. 3).

<sup>(2)</sup> An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

<sup>(3)</sup> Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne (IO L 141, 28.5.2016, lch. 18).

<sup>(4)</sup> Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua (IO L 141, 28.5.2016, lch. 22).

- (6) D'fhonn iarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a leigheas a mhéid a bhaineann le cailliúint stádas fabhrach na dTíortha agus na gCríoch thar Lear agus d'fhonn na hiarmhairtí a bhaineann le dul in éag na bprótacal breise leis an Iorua agus an Ioslainn a leigheas, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne agus ba cheart feidhm a bheith aige, le héifeacht cúlghabhálach, ón 1 Eanáir 2021,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(4), pointe (b):

“(b) fáinní a ghearradh de agus stiallacha a ghearradh de le haghaidh ábhair faoi chóid AC 0307 43 35, 0307 43 91, 0307 43 92 agus 0307 43 99;”;

- (2) déantar an larscríbhinn a leasú i gcomhréir leis an larscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. PODGORŠEK

## IARSCRÍBHINN

Sa tábla san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1706, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Uimh. an ordaithe	Cód AC	Cód TARIC	Tuairisc	Méid bliantúil an chuóta (tonnaí) <sup>(1)</sup>	Dleacht an chuóta	Tréimhse an chuóta
09.2508	ex 0307 43 35	10	Scuideanna den speiceas <i>Loligo gahi</i> , reoite, lena bpróiseáil	75 000	0 %	1.1.2021-31.12.2023
09.2509	ex 1604 12 91	13 93	Scadáin, spíosraithe agus/nó finéagarleasaithe, faoi sháile, lena bpróiseáil	15 000 (glanmheáchan silte)	0 %	1.5.2021-30.4.2022
	ex 1604 12 99	16 17		7 500 (glanmheáchan silte)	0 %	1.5.2022-31.10.2022
09.2510	ex 0303 51 00	10 20	Scadáin ( <i>Clupea harengus</i> , <i>Clupea pallasii</i> ), reoite, lena bpróiseáil (*)	10 000	0 %	1.5.2021-30.4.2022
				5 000		1.5.2022-31.10.2022
09.2512			Iasc reoite, lena bpróiseáil:	3 300	0 %	1.5.2021-30.4.2022
	0303 55 30	10	Bolmáin Shileacha ( <i>Trachurus murphyi</i> )	1 650	0 %	1.5.2022-31.10.2022
	ex 0303 55 90	95	Iasc eile <i>Trachurus</i> spp., seachas <i>Trachurus trachurus</i> , <i>Trachurus murphyi</i> agus bolmáin ( <i>Caranx trachurus</i> )			
	0303 56 00	10	Cóibia ( <i>Rachycentron canadum</i> )			
	0303 69 90	10	Iasc eile			
	0303 89 90	11 21 30 91				
	0303 82 00	10	Roic agus sciataí ( <i>Rajidae</i> )			
	0303 89 55	10	Garbhánaigh órcheannacha ( <i>Sparus aurata</i> )			
09.2513	0304 86 00	20	Filléid scadáin ( <i>Clupea harengus</i> , <i>Clupea pallasii</i> ), reoite, lena bpróiseáil	25 000	0 %	1.5.2021-30.4.2022
	ex 0304 99 23	10 20	Flapaí scadáin ( <i>Clupea harengus</i> , <i>Clupea pallasii</i> ), reoite, lena bpróiseáil (*)	12 500	0 %	1.5.2022-31.10.2022
09.2514	0304 49 50	10	Filléid péirsí mara ( <i>Sebastes</i> spp.), úr nó fuaraithe, lena bpróiseáil	1 300	0 %	1.5.2021-30.4.2022
				650	0 %	1.5.2022-31.10.2022"

<sup>(1)</sup> Arna sloinneadh i nglanmheáchan, mura sonraítear a mhalairt

<sup>(\*)</sup> Ón 15 Feabhra go dtí an 15 Meitheamh, ní dheonófar tairbhe an taraif-chuóta d'earraí a dhearbhaítear lena scaoileadh i saorchúrsaíocht.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1204 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 10 Bealtaine 2021**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta iarratais agus an nós imeachta roghnúcháin faoin gCiste don Nuálaíocht**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 10a(8), an ceathrú fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup>, leagtar síos rialacha maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht. Bunaítear leis an Rialachán sin nós imeachta iarratais dhá chéim ina bhfuil léiriú spéise agus an t-iarratas iomlán.
- (2) Cé go bhfuil sé de bhuntáiste ag an nós imeachta iarratais dhá chéim an t-ualach riaracháin a laghdú le haghaidh thogróirí an tionscadail sa chéad chéim, méadaíonn sé an tréimhse idir cur isteach na n-iarratas agus soláthar cistithe do na tionscadail rathúla. Léiríodh leis an taithí a fuarthas leis an gcéad ghla ar thograí, lena bhfuarthas líon ard iarratas a raibh leibhéal éagsúla aibíochta tionscadail ag baint leo, go bhfuil gá an tréimhse sin a laghdú chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail aibí in am trátha. Bheadh tairbhí ag baint le laghdú na tréimhse sin freisin i gcomhthéacs an téarnaimh eacnamaíoch, i gcás ina bhfuil gá infheistíochtaí a bhaineann le huas-scálú teicneolaíochtaí glana a shlógadh go gasta.
- (3) Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta iarratais aon chéime ina bhfuil an t-iarratas iomlán gan céim an léirithe spéise. Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann rogha a dhéanamh idir an nós imeachta iarratais dhá chéim agus an nós imeachta iarratais aon chéime, de réir mar is iomchuí, agus cinneadh á dhéanamh aige maidir le seoladh na nglanna ar thograí.
- (4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856, foráiltear do chúnamh forbartha tionscadail le haghaidh tionscadail nach gcomhlíonann an critéar maidir le haibíocht tionscadail a leagtar amach in Airteagal 11(1), pointe (c) den Rialachán sin, ach a bhfuil an poitéinseal acu an critéar sin a chomhlíonadh. I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856, féadfaidh an cúnaimh a bheith i bhfoirm deontais agus san fhoirm sin amháin. Chun forbairt bhreise na dtionscadal sin a éascú, is gá soláthar cúnaimh den sórt sin i bhfoirm cúnaimh teicniúil a cheadú freisin.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 9, leasaítear mír 2 mar a leanas:
  - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

<sup>(1)</sup> IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

<sup>(2)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/856 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hoibriú an Chiste don Nuálaíocht (IO L 140, 28.5.2019, lch. 6).

“(d) tuairisc ar an nós imeachta iarratais lena sonraítear cé acu atá feidhm ag an nós imeachta aon chéime nó ag an nós imeachta dhá chéim, agus liosta mionsonraithe faisnéise agus doiciméadachta atá le cur isteach leis an iarratas;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

“(f) i gcás ina bhfuil tionscadail ar mhionscála faoi réir nós imeachta iarratais simplithe i gcomhréir le hAirteagal 10(4) agus faoi réir nós imeachta roghnúcháin sonracha i gcomhréir le hAirteagal 12b, na rialacha maidir leis na nósanna imeachta sonracha sin;”;

(2) leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Baileoidh an comhlacht cur chun feidhme na hiarratais agus eagróidh sé an nós imeachta iarratais mar a chinntear de bhun Airteagal 9(2), pointe (d).”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

“2. Is é a bheidh sa nós imeachta iarratais dhá chéim na céimeanna seo a leanas ina dhiaidh sin:

(a) céim an léirithe spéise;

(b) céim an iarratais iomláin.

Ag céim an léirithe spéise, cuirfidh togróir an tionscadail isteach tuairisc ar phríomhthréithe an tionscadail i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos sa ghlaó ábhartha ar thograí, lena n-áirítear tuairisc ar éifeachtacht, leibhéal nuálaíochta agus aibíocht an tionscadail mar a shonraítear in Airteagal 11(1), pointí (a), (b) agus (c).

Ag céim an iarratais iomláin, cuirfidh togróir an tionscadail isteach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal agus an doiciméadacht tacaíochta uile, lena n-áirítear an plean um malartú eolais.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta iarratais aon chéime, cuirfidh togróir an tionscadail isteach iarratas iomlán mar a bhfuil tuairisc air i mír 2, an tríú fómhír.”;

(3) leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Airteagal 12:

“**Nós imeachta roghnúcháin maidir leis an nós imeachta iarratais dhá chéim**”;

(b) scriostar mír 6;

(4) cuirtear na hAirteagail 12a agus 12b seo a leanas isteach:

*“Airteagal 12a*

#### **Nós imeachta roghnúcháin maidir leis an nós imeachta iarratais aon chéime**

1. Ar bhonn na n-iarratas a fhaightear, déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme measúnú ar incháilitheacht gach tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE. Ansin leanfaidh an comhlacht cur chun feidhme ar aghaidh le roghnú na dtionscadal incháilithe faoi mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal sin.

2. Ar bhonn na n-iarratas a fhaightear, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta na dtionscadal a chomhlíonann na critéir roghnúcháin a leagtar síos in Airteagal 11 agus leanfaidh sé ar aghaidh le meastóireacht agus rangú na dtionscadal bunaithe ar na critéir roghnúcháin a leagtar síos san Airteagal sin. Chun críocha na meastóireachta sin, cuirfidh an comhlacht cur chun feidhme na tionscadail i gcomparáid leis na tionscadail as an earnáil chéanna chomh maith le tionscadail as earnálacha eile. Ag deireadh na meastóireachta, tarraingeoidh an comhlacht cur chun feidhme suas liosta tionscadal réamhroghnaithe.

3. I gcás ina dtagann an comhlacht chur chun feidhme ar an gconclúid go gcomhlíonann tionscadal na critéir roghnúcháin a leagtar síos in Airteagal 11(1), pointí (a), (b), (d) agus (e) agus, i gcás inarb infheidhme, na critéir roghnúcháin a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 11(2), ach nach gcomhlíonann sé an critéar a leagtar síos in Airteagal 11(1), pointe (c), déanfaidh an comhlacht cur chun feidhme measúnú ar phoitéinseal an tionscadail sin chun an critéar roghnúcháin sin a chomhlíonadh má dhéantar é a fhorbairt tuilleadh. I gcás ina gcinntear go bhfuil an poitéinseal sin ag an tionscadal, féadfaidh an comhlacht cur chun feidhme cúnaimh forbartha tionscadail a dhámhachtain ar an tionscadal lena mbaineann nó, i gcás inarb é an Coimisiún a dhéanann cúnaimh forbartha tionscadail a dhámhachtain, féadfaidh an comhlacht cur chun feidhme a mholadh don Choimisiún cúnaimh forbartha tionscadail a dhámhachtain ar an tionscadal.

4. Cuirfear an liosta tionscadal réamhroghnaithe dá dtagraítear i mír 2 agus, i gcás inarb infheidhme, an moladh dá dtagraítear i mír 3 in iúl don Choimisiún agus áireofar leis an méid seo a leanas ar a laghad:

- (a) deimhniú go gcomhlíontar na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin;
- (b) mionsonraí maidir le meastóireacht agus rangú an tionscadail;
- (c) costais iomlána an tionscadail agus costais ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 5, in euro;
- (d) an iarraidh ar an tacaíocht iomlán ón gCiste don Nuálaíocht in euro,
- (e) méid réamh-mheasta astaíochtaí gás ceaptha teasa atá le seachaint;
- (f) méid réamh-mheasta fuinnimh atá le táirgeadh nó le stóráil;
- (g) méid réamh-mheasta CO<sub>2</sub> atá le stóráil;
- (h) faisnéis maidir le foirm dlí na tacaíochta ón gCiste don Nuálaíocht a d'iarr togróir an tionscadail.

5. Ar bhonn an mhéid a cuireadh in iúl de bhun mhír 4 den Airteagal seo, agus tar éis dó dul i mbun comhairliúcháin leis na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 21(2), glacfaidh an Coimisiún an cinneadh dámhachtana lena sonraítear an tacaíocht le haghaidh na dtionscadal roghnaithe agus, i gcás inarb iomchuí, tarraingeoidh sé suas liosta ionadaithe.

#### *Airteagal 12b*

#### **Nós imeachta roghnúcháin le haghaidh tionscadail ar mhionscála**

De mhaolú ar Airteagail 12 agus 12a, féadfar nós imeachta roghnúcháin sonracha a chur i bhfeidhm maidir le tionscadail ar mhionscála.”;

(5) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. Déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht cur chun feidhme an cúnamh forbartha tionscadail a dhámhachtain i gcomhréir le hAirteagal 12(2) nó le hAirteagal 12a(3) i bhfoirm deontais nó i bhfoirm cúnamh teicniúil.”;

(6) leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

“(a) an liosta tionscadal réamhroghnaithe, lena n-áirítear an liosta ionadaithe, agus an liosta tionscadal atá beartaithe le haghaidh cúnamh forbartha tionscadail i gcomhréir le hAirteagal 12(2), an dara fómhír nó le hAirteagal 12a(3), roimh dhámhachtain na tacaíochta;”;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Tuairisceoidh an Coimisiún do na Ballstáit maidir leis an dul chun cinn atá déanta a mhéid a bhaineann leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, go háirithe maidir le cur chun feidhme na gcinntí dámhachtana dá dtagraítear in Airteagal 12(5) nó in Airteagal 12a(5).”;

(7) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

“4. Cuirfidh togróirí an tionscadail faisnéis mhionsonraithe ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo sa phlean um malartú eolais arna chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 10(2), an tríú fómhír.”.

#### *Airteagal 2*

#### **Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.



Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1205 ÓN gCOIMISIÚN****an 20 Iúil 2021****lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d’fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.
- (2) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis (na Ballstáit lena mbaineann), i gcriosanna srianta I, II agus III a liostaítear san Iarscríbhinn sin.
- (3) Na limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, tá siad bunaithe ar staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas. Is le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1141 <sup>(3)</sup> a leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 go deireanach tar éis athruithe sa staid eipidéimeolaíoch maidir leis an ngalar sin sa Pholainn agus sa tSlóvaic.
- (4) Aon leasú ar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, ba cheart iad a bheith bunaithe ar an staid eipidéimeolaíoch maidir le fiabhras Afracach na muc sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin agus ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán fhiabhras Afracach na muc sa Bhallstát lena mbaineann, ar an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair sin, ar phrionsabail agus critéir atá bunaithe ar an eolaíocht i dtaca le criosú a shainiú go geografach de bharr fhiabhras Afracach na muc, agus ar threoirlínte an Aontais a comhaontaíodh leis na Ballstáit ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, treoirlínte atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin <sup>(4)</sup>. Ina theannta sin, ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta a chur san áireamh sna leasuithe sin, caighdeáin amhail Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún <sup>(5)</sup> ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe, agus ba cheart a chur san áireamh freisin an bonn cirt a thug údarás inniúla náisiúnta na mBallstát lena mbaineann leis an gcriosú.
- (5) Ó bhí dáta glactha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1141 ann, tharla ráigeanna nua d’fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe ar coimeád sa Pholainn, agus i muc-ainmhithe fiáine sa Ghearmáin freisin.

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc (IO L 129, 15.4.2021, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1141 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc (IO L 247, 13.7.2021, lch. 55).

<sup>(4)</sup> Doiciméad Oibre SANTE/7112/2015/Rev. 3 “Principles and criteria for geographically defining ASF regionalisation”. [Prionsabail agus critéir chun réigiúnú ASF a shainiú go geografach] [https://ec.europa.eu/food/animals/animal-diseases/control-measures/asf\\_en](https://ec.europa.eu/food/animals/animal-diseases/control-measures/asf_en)

<sup>(5)</sup> Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún OIE, 28ú hEagrán, 2019. ISBN imleabhar I: 978-92-95108-85-1; ISBN imleabhar II: 978-92-95108-86-8. <https://www.oie.int/standard-setting/terrestrial-code/access-online/>

- (6) I mí Iúil 2021, tugadh faoi deara go raibh roinnt cásanna d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe ar coimeád i gceantair Dziąldowski, Górowski, Mielecki, Ślubicki, agus Trzebnicki na Polainne, i limistéir a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2021/605. Na ráigeanna sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe ar coimeád, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint leo, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Dá réir sin, na limistéir sin den Pholainn a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta II san Iarscríbhinn sin, limistéir atá buailte ag an ráig seo d'fhiabhras Afracach na muc, ba cheart iad a liostú feasta mar chriosanna srianta III san Iarscríbhinn sin seachas mar chriosanna srianta II, agus ní mór teorainneacha reatha chriosanna srianta II a athshainiú freisin chun na ráigeanna sin a tharla le déanaí a chur san áireamh.
- (7) Thairis sin, i mí Iúil 2021, tugadh faoi deara go raibh cás amháin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád i gceantar Tarnowski na Polainne i limistéir nach liostaítear faoi láthair in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. An ráig nua sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe ar coimeád, tá leibhéal riosca méadaithe ag baint léi, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Dá réir sin, an limistéir sin sa Pholainn nach bhfuil liostaithe san Iarscríbhinn sin faoi láthair, limistéir atá buailte ag an ráig sin d'fhiabhras Afracach na muc a tharla le déanaí, ba cheart iad a liostú feasta mar chrios srianta III san Iarscríbhinn sin.
- (8) I mí Iúil 2021, tugadh faoi deara go raibh roinnt ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i stát Brandenburg na Gearmáine i limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, áit atá dlúth leis na limistéir a liostaítear i gcriosanna srianta I. Na ráigeanna eile sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine, tá leibhéal riosca méadaithe ag baint leo, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Dá réir sin, na limistéir sin den Ghearmáin a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I san Iarscríbhinn sin, iad dlúth leis na limistéir a liostaítear i gcriosanna srianta II atá buailte ag na ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc a tharla le déanaí, ba cheart iad a liostú feasta mar chriosanna srianta II san Iarscríbhinn sin seachas mar chriosanna srianta I di, agus ina theannta sin ní mór teorainneacha reatha chriosanna srianta I a athshainiú agus a mhéadú chun na ráigeanna seo a tharla le déanaí a thabhairt san áireamh.
- (9) Ina theannta sin, i mí Iúil 2021 tugadh faoi deara go raibh roinnt ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i stát Brandenburg na Gearmáine i limistéir a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Na ráigeanna sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint leo, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Dá réir sin, na limistéir sin den Ghearmáin a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I san Iarscríbhinn sin, limistéir atá buailte ag na ráigeanna sin d'fhiabhras Afracach na muc a tharla le déanaí, ba cheart iad a liostú feasta mar chriosanna srianta II san Iarscríbhinn sin seachas mar chriosanna srianta I, agus ní mór teorainneacha reatha chriosanna srianta I a athshainiú freisin chun na ráigeanna sin a tharla le déanaí a chur san áireamh.
- (10) Ina theannta sin, i mí an Mheithimh agus i mí Iúil 2021, tugadh faoi deara go raibh roinnt ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i stát na Sacsaine sa Ghearmáin i limistéir a liostaítear mar chriosanna srianta II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, áit atá dlúth leis na limistéir a liostaítear i gcriosanna srianta I. Na ráigeanna eile sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine, tá leibhéal riosca méadaithe ag baint leo, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Dá réir sin, na limistéir sin den Ghearmáin a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I san Iarscríbhinn sin, iad dlúth leis na limistéir a liostaítear i gcriosanna srianta II atá buailte ag na ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc a tharla le déanaí, ba cheart iad a liostú feasta mar chriosanna srianta II san Iarscríbhinn sin seachas mar chriosanna srianta I di, agus ina theannta sin ní mór teorainneacha reatha chriosanna srianta I a athshainiú agus a mhéadú chun na ráigeanna seo a tharla le déanaí a thabhairt san áireamh.
- (11) Thairis sin, i mí Iúil 2021 tugadh faoi deara go raibh roinnt ráigeanna d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe ar coimeád i stát Brandenburg na Gearmáine i limistéir a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I agus II in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Na ráigeanna eile sin d'fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe atá ar coimeád, tá leibhéal méadaithe riosca ag baint leo, rud ba cheart a léiriú san Iarscríbhinn sin. Dá réir sin, ba cheart na limistéir sin den Ghearmáin a liostaítear faoi láthair mar chriosanna srianta I agus II san Iarscríbhinn sin a liostú anois mar chriosanna srianta III san Iarscríbhinn sin.

- (12) Tar éis na ráigeanna nua sin d'fhiabhras Afracach na muc a tharla le déanaí i muc-ainmhithe ar coimeád sa Pholainn agus i muc-ainmhithe fiáine agus ar coimeád sa Ghearmáin, agus aird á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch reatha maidir le fiabhras Afracach na muc san Aontas, rinneadh criosú sna Ballstáit sin a athmheasúnú agus a nuashonrú. Ina theannta sin, na bearta bainistithe riosca a bhí i bhfeidhm, rinneadh iad a athmheasúnú agus a nuashonrú. Ba cheart na hathruithe sin a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605.
- (13) Ar mhaithe le haird a thabhairt ar na forbairtí is déanaí i staid eipidéimeolaíoch fhiabhras Afracach na muc san Aontas, agus ar mhaithe le dul i ngleic leis na rioscaí a bhaineann le leathadh an ghalair sin ar bhealach réamhghníomhach, ba cheart criosanna srianta nua de mhéid leordhóthanach a chríochnú sa Ghearmáin agus sa Pholainn, agus ba cheart iad a liostú go cuí mar chriosanna srianta I, II agus III in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Ó tharla go bhfuil an staid maidir le fiabhras Afracach na muc an-dinimiciúil san Aontas, tugadh aird ar staid na limistéar máguaird nuair a bhí na criosanna srianta nua sin á gcríochnú.
- (14) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas maidir le leathadh fhiabhras Afracach na muc, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ag an Rialachán Cur Chun Feidhme seo ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 i bhfeidhm a luaithe is féidir.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Iúil 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

## IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605:

## IARSCRÍBHINN I

## CRIOSANNA SRIANTA

## CUID I

## 1. An Ghearmáin

Na réimsí seo a leanas sa Ghearmáin:

Bundesland Brandenburg:

— Landkreis Dahme-Spreewald:

- Gemeinde Alt Zauche-Wußwerk,
- Gemeinde Byhleguhre-Byhlen,
- Gemeinde Märkische Heide, mit den Gemarkungen Alt Schadow, Neu Schadow, Pretschen, Plattkow, Wittmannsdorf, Schuhlen-Wiese, Bückchen, Kuschkow, Gröditsch, Groß Leuthen, Leibchel, Glietz, Groß Leine, Dollgen, Krugau, Dürrenhofe, Biebersdorf und Klein Leine,
- Gemeinde Neu Zauche,
- Gemeinde Schwielochsee mit den Gemarkungen Groß Liebitz, Guhlen, Mochow und Siegadel,
- Gemeinde Spreewaldheide,
- Gemeinde Straupitz,

— Landkreis Märkisch-Oderland:

- Gemeinde Lietzen westlich der L 37,
- Gemeinde Falkenhagen (Mark) westlich der L 37,
- Gemeinde Zeschdorf westlich der L 37,
- Gemeinde Lindendorf mit der Gemarkung Dolgeln – westlich der L 37,
- Gemeinde Müncheberg mit den Gemarkungen Müncheberg, Eggersdorf bei Müncheberg und Hoppegarten bei Müncheberg,
- Gemeinde Bliesdorf mit den Gemarkungen Kunersdorf und Bliesdorf bis östlicher Teil, begrenzt aus Richtung Gemarkungsgrenze Neutrebbin entlang der Bahnlinie bis Straße „Sophienhof“ dieser östlich folgend bis „Ruesterchengraben“, weiter entlang Feldweg an den Windrädern Richtung „Herrnhof“, weiter entlang „Letschiner Hauptgraben“ bis Gemarkungsgrenze Alttrebbin;
- Gemeinde Märkische Höhe mit den Gemarkungen Reichenberg und Batzlow,
- Gemeinde Wriezen mit den Gemarkungen Haselberg, Frankenfelde, Schulzendorf, Lüdersdorf Biesdorf, Rathsdorf, Wriezen, Jäckelsbruch und Altwriezen bis östlicher Teil begrenzt durch Feldweg von Straße Altwriezen Richtung „Wallgraben“;
- Gemeinde Oderaue mit den Gemarkungen Neuranft, Neuküstrinchen, Neurüdnitz, Altwustrow, Neuwustrow und Zäckericker Loose, Altreetz, Altmädewitz und Neumädewitz,
- Gemeinde Buckow (Märkische Schweiz),
- Gemeinde Strausberg mit den Gemarkungen Hohenstein und Ruhlsdorf,
- Gemeine Garzau-Garzin,
- Gemeinde Waldsiefersdorf,
- Gemeinde Rehfelde mit der Gemarkung Werder,
- Gemeinde Reichenow-Mögelin,

- Gemeinde Prötzel mit den Gemarkungen Harnekop, Sternebeck und Prötzel östlich der B 168 und der L35,
- Gemeinde Oberbarnim,
- Landkreis Oder-Spree:
  - Gemeinde Storkow (Mark),
  - Gemeinde Spreenhagen mit den Gemarkungen Braunsdorf, Markgrafpieske, Lebbin und Spreenhagen,
  - Gemarkung Grünheide (Mark) mit den Gemarkungen Kagel, Kienbaum und Hagelsberg,
  - Gemeinde Fürstenwalde,
  - Gemeinde Rauen,
  - Gemeinde Wendisch Rietz bis zur östlichen Uferzone des Scharmützelsees und von der südlichen Spitze des Scharmützelsees südlich der B 246,
  - Gemeinde Reichenwalde,
  - Gemeinde Bad Saarow mit der Gemarkung Petersdorf und der Gemarkung Bad Saarow-Pieskow westlich der östlichen Uferzone des Scharmützelsees und ab nördlicher Spitze westlich der L35,
  - Gemeinde Tauche mit der Gemarkung Werder,
  - Gemeinde Steinhöfel,
  - Gemeinde Langewahl nördlich der A12,
  - Gemeinde Berkenbrück nördlich der A12,
  - Gemeinde Briesen (Mark) mit den Gemarkungen Wilmersdorf, Falkenberg, Madlitz Forst,
- Landkreis Spree-Neiße:
  - Gemeinde Jänschwalde,
  - Gemeinde Peitz,
  - Gemeinde Tauer,
  - Gemeinde Turnow-Preilack,
  - Gemeinde Drachhausen,
  - Gemeinde Schmogrow-Fehrow,
  - Gemeinde Drehnow,
  - Gemeinde Guben mit der Gemarkung Schlagsdorf,
  - Gemeinde Schenkendöbern mit den Gemarkungen Grabko, Kerkwitz, Groß Gastrose,
  - Gemeinde Teichland,
  - Gemeinde Dissen-Striesow,
  - Gemeinde Heinersbrück,
  - Gemeinde Briesen,
  - Gemeinde Forst mit den Gemarkungen Briesnig, Weißagk, Bohrau, Naundorf, Mulknitz,
  - Gemeinde Spremberg mit den Gemarkungen, Graustein, Sellessen, Spremberg, Bühlow und die Gemarkungen Groß Buckow, Klein Buckow östlich des Tagebaues Welzow-Süd,
  - Gemeinde Neuhausen/Spree mit den Gemarkungen Kathlow, Haasow, Roggosen, Koppatz, Neuhausen, Frauendorf, Groß Oßnig, Groß Döbern und Klein Döbern,

#### Bundesland Sachsen

- Landkreis Bautzen
  - Gemeinde Burkau östlich des Verlaufes S 94 und B 98,
  - Gemeinde Crostwitz,

- Gemeinde Cunewalde,
- Gemeinde Demitz-Thumitz,
- Gemeinde Doberschau-Gaußig,
- Gemeinde Elsterheide,
- Gemeinde Göda,
- Gemeinde Großpostwitz/O.L.,
- Gemeinde Hochkirch, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Königswartha, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Kubschütz, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Lohsa sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Nebelschütz östlich des Verlaufes der S 94 in südliche Richtung bis Brücke Prietitzer Straße, Prietitzer Straße nordöstlich bis Lindenstraße, östlich der Lindenstraße bis Abzweig Nr. 25, in westliche Richtung zurück bis S 94, von dort östlich des Verlaufs der S 94 bis zur südlichen Gemeindegrenze,
- Gemeinde Neschwitz, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Neukirch/Lausitz,
- Gemeinde Obergurig,
- Gemeinde Oßling,
- Gemeinde Panschwitz-Kuckau östlich der S 94,
- Gemeinde Puschwitz,
- Gemeinde Räckelwitz,
- Gemeinde Radibor sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Ralbitz-Rosenthal,
- Gemeinde Rammenau östlich der B 98,
- Gemeinde Schmölln-Putzkau östlich des Verlaufes der B 98 bis Abzweig S 156, östlich des Verlaufs der S 156 bis Kreisgrenze,
- Gemeinde Sohland a. d. Spree,
- Gemeinde Spreetal, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Stadt Bautzen, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Stadt Bernsdorf südlich der Landesgrenze Brandenburg-Sachsen und östlich entlang des Verlaufs der Bahnlinie DB6194 „Hosena - Kamenz (Sachs)“ bis Bahnabzweig im Süden des Ortsteils Strassgräbchen der Stadt Bernsdorf bis zum Bahnübergang S 94, ab Bahnübergang östlich des Verlaufs der S 94 bis zur südlichen Gemeindegrenze,
- Gemeinde Stadt Bischofswerda östlich der B 98,
- Gemeinde Stadt Elstra östlich der S 94,
- Gemeinde Stadt Hoyerswerda, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Stadt Kamenz östlich der S 94,
- Gemeinde Stadt Lauta,
- Gemeinde Stadt Schirgiswalde-Kirschau,
- Gemeinde Stadt Wilthen,
- Gemeinde Stadt Wittichenau, sofern nicht bereits Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Steinigtwolmsdorf.
- Landkreis Görlitz
  - Gemeinde Beiersdorf,
  - Gemeinde Bertsdorf-Hörnitz,
  - Gemeinde Dürrhennersdorf,

- Gemeinde Großschönau,
- Gemeinde Großschweidnitz,
- Gemeinde Hainewalde,
- Gemeinde Kurort Jonsdorf,
- Gemeinde Kottmar,
- Gemeinde Lawalde,
- Gemeinde Leutersdorf,
- Gemeinde Mittelherwigsdorf,
- Gemeinde Oderwitz,
- Gemeinde Olbersdorf,
- Gemeinde Oppach,
- Gemeinde Oybin,
- Gemeinde Rosenbach, sofern nicht Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Schönau-Berzdorf a. d. Eigen, sofern nicht Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Schönbach,
- Gemeinde Stadt Bernstadt a. d. Eigen, sofern nicht Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Stadt Ebersbach-Neugersdorf,
- Gemeinde Stadt Herrnhut,
- Gemeinde Stadt Löbau, sofern nicht Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Stadt Neusalza-Spremberg,
- Gemeinde Stadt Ostritz, sofern nicht Teil des gefährdeten Gebietes,
- Gemeinde Stadt Seiffhennersdorf,
- Gemeinde Stadt Zittau.

## 2. An Eastóin

Na criosanna srianta I seo a leanas san Eastóin:

- Hiiu maakond.

## 3. An Ghréig

Na criosanna srianta I seo a leanas sa Ghréig:

- in aonad réigiúnach Drama:
  - ranna pobail Sidironero agus Skaloti agus ranna bardasacha Livadero agus Ksiropotamo (i mbardas Drama),
  - roinn bhardasach Paranesti (i mbardas Paranesti),
  - ranna bardasacha Kokkinogeia, Mikropoli, Panorama, Pyrgoi (i mbardas Prosotsani),
  - ranna bardasacha Kato Nevrokopi, Chrysokefalo, Achladea, Vathytopos, Volakas, Granitis, Dasotos, Eksohi, Katafyto, Lefkogeia, Mikrokleisoura, Mikromilea, Ochyro, Pagoneri, Perithorio, Kato Vrontou agus Potamoi (i mbardas Kato Nevrokokopi),
- in aonad réigiúnach Xanthi:
  - ranna bardasacha Kimmerion, Stavroupoli, Gerakas, Dafnonas, Komnina, Kariofyto agus Neochori (i mbardas Xanthi),
  - ranna pobail Satres, Thermes, Kotyli, agus ranna bardasacha Myki, Echinós agus Oraio agus (i mbardas Myki),
  - roinn phobail Selero agus roinn bhardasach Sounio (i mbardas Avdira),



- in aonad réigiúnach Rodopi:
  - ranna bardasacha Komotini, Anthochorio, Gratini, Thrylorio, Kalhas, Karydia, Kikidio, Kosmio, Pandrosos, Aigeiros, Kallisti, Meleti, Neo Sidirochori agus Mega Doukato (i mbardas Komotini),
  - ranna bardasacha Ipio, Arriana, Darmeni, Archontika, Fillyra, Ano Drosini, Aratos agus ranna pobail Kehros agus Organi (i mbardas Arriana),
  - ranna bardasacha Iasmos, Sostis, Asomatoi, Polyanthos agus Amvrosia agus roinn phobail Amaxades (i mbardas Iasmos),
  - roinn bhardasach Amaranta (i mbardas Maroneia Sapon),
- in aonad réigiúnach Evros:
  - ranna bardasacha Kyriaki, Mandra, Mavroklisi, Mikro Dereio, Protokklisi, Roussa, Goniko, Geriko, Sriko, Sgalo Derio, Sidiro, Giannouli, Agriani agus Petrolofos (i mbardas Soufli),
  - ranna bardasacha Dikaia, Arzos, Elaia, Therapio, Komara, Marasia, Ormenio, Pentalofos, Petrota, Plati, Ptelea, Kyprinos, Zoni, Fulakio, Spilaio, Nea Vyssa, Kavili, Kastanies, Rizia, Sterna, Ampelakia, Valtos, Megali Doxipara, Neochori agus Chandras (i mbardas Orestia),
- (10) Sna treoirlínte airgeadais, ba cheart infheistíochtaí a cheadú i mbannaí fíorleachtacha atá sloinnte i ndollair na Stát Aontaithe arna n-eisiúint ag rannpháirtithe ceannasacha, rannpháirtithe fornáisiúnta, rannpháirtithe focheannasacha agus gníomhaireachtaí rialtais chun cur leis an éagsúlú, agus an riosca go mbeadh cailleanais ann de bharr luaineacht an ráta malairte eachtraí á fhálú – ar mhéid iomchuí – san am céanna. Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh, faoi réir comhaontú le hoifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin, maidir le hinfheistíochtaí i sócmhainní eile atá sloinnte in airgeadraí geilleagar sárffhorbartha eile nó in airgeadraí Ballstát eile. Ba cheart cinntí mar sin a bhunú ar léiriú lánréasúnaithe ar bhuntáistí na hinfheistíochta i gceist maidir le feidhmíocht na sócmhainní. De bharr na dtreoirlínte airgeadais ba cheart leathnú a theacht ar raon feidhme na n-infheistíochtaí incháilithe maidir le deiseanna ar neamhchosaint éagsúlaithe ar innéacsanna margaidh leathana, earnálacha geografacha áirithe agus cineálacha sócmhainní ar leith a chur ar fáil.
- (11) Ba cheart ionstraimí eile airgeadais a cheadú sna treoirlínte airgeadais, mar atá todhchaíochtaí, réamhchonarthaí agus babhtálacha chun rioscaí agus neamhchosaintí a bhainistiú, mar atá rátaí úis agus riosca airgeadra.
- (12) Tá ag méadú ar thábhacht na gcleachtas comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a bhaineann le hinfheistíocht agus ba cheart iad a chur san áireamh le haghaidh na gcinntí infheistíochta. Ba cheart Cinneadh 2003/77/CE a leasú freisin chun cleachtais ESG a thabhairt isteach trí scagadh dearfach a áireamh, lena bhfabhrófar do cheisteanna ESG a chomhtháthú agus infheistíochtaí á roghnú, agus scagadh diúltach, ina mbeadh liosta gníomhaíochtaí a eisiafar chun críoch infheistíochta sa státchiste ar fhorais eiticíúla nó mhorálta.
- (13) Sa tuarascáil bhliantúil a thugann an Coimisiún do na Ballstáit maidir leis na hoibríochtaí bainistithe a dhéantar faoi na treoirlínte airgeadais, ba cheart faisnéis a sholáthar maidir leis an leithdháileadh ar na haicmí difriúla sócmhainní. Ba cheart aon athrú mór ar an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní a mhíniú sa tuarascáil bhliantúil freisin.
- (14) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2003/77/CE a leasú dá réir.
- (15) Mar gheall ar an nascáil struchtúrach le Cinneadh 2003/76/CE, níor cheart feidhm a bheith ag an leasú seo ach ó dháta chur i bhfeidhm Chinneadh (AE) 2021/1208 <sup>(9)</sup>,

<sup>(9)</sup> Cinneadh (AE) 2021/1208 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasítear Cinneadh 2003/76/CE lena bhunaítear na bearta is gá chun an Prótocal a chur chun feidhme, a ghabhann leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach, maidir le hiarmhairtí airgeadais dhul in éag Chonradh CEGC agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus a dhul in éag (féach leathanach 54 den Iris Oifigiúil seo).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2003/77/CE mara leanas:

(1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

*“Airteagal 1a*

Déanfar sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú chun íocaíochtaí bliantúla a sholáthar, laistigh de theorainneacha an leithdháilte bhliantúil de EUR 111 mhilliún, chun taighde comhoibríoch sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach a mhaoiniú. Déanfar na híocaíochtaí bliantúla a mhaoiniú leis an nglanioncam ó na hinfheistíochtaí agus leis na hioncain arna nginiúint trí chuid de shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a dhíol, suas leis an méid bliantúil a leagann seirbhís ainmnithe an Choimisiúin amach arna bhunú ar Chinneadh 2003/76/CE agus Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle (\*).

(\*) Cinneadh 2008/376/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le glacadh Chlár Taighde an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus maidir leis na treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir sin (IO L 130, 20.5.2008, lch. 7).”;

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta a bheidh feidhm ag Cinneadh (AE) 2021/1208.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. PODGORŠEK

## IARSCRÍBHINN

**Treoirlínte airgeadais maidir le sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a bhainistiú**

## 1. ÚSÁID CISTÍ

Úsáidfeadh sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (CEGC) faoi leachtú, lena n-áirítear a phunann iasachta agus a infheistíochtaí, de réir mar is gá chun oibleagáidí CEGC atá fágtha a chomhlíonadh, i dtéarmaí a iasachtaí gan íoc, a ghealltanais a eascraíonn as buiséid oibriúcháin roimhe seo, agus aon dliteanas nárbh fhéidir a thuar.

Sa mhéid nach bhfuil sócmhainní CEGC faoi leachtú ná, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ag teastáil chun na hoibleagáidí a dtugtar tuairisc orthu sa chéad fhomhír a chomhlíonadh, déanfar na sócmhainní sin a infheistiú go stuama i gcomhréir leis an tréimhse infheistíochta ionchasach a roghnaíodh chun torthaí a bhaint amach is féidir a úsáid chun leanúint de thaighde a chistiú sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach.

Úsáidfeadh sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach chun íocaíochtaí bliantúla a sholáthar, laistigh de theorainneacha an leithdháilte bhliantúil de EUR 111 mhilliún, le haghaidh taighde sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach. Déanfar na híocaíochtaí sin a ghiniúint trí an nglanioncam ó na hinfeistíochtaí. I gcás nach leor an glanioncam sin chun an leithdháileadh bliantúil a chomhlíonadh, déanfar é a fhorlíonadh leis na hioncaim arna nginiúint trí chuid de shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, cuid de shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a dhíol. Tar éis na bliana 2027, déanfar sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a infheistiú ar bhealach lena soláthrófar ioncam is féidir a úsáid mar chistiú chun leanúint de thaighde sna hearnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach.

## 2. AN TRÉIMHSE INFHEISTÍOCHTA IONCHASACH, LAMHÁLTAS OIBIACHTÚIL AGUS LAMHÁLTAS RIOSCA

Déanfar sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a infheistiú agus é de chuspóir acu luach na sócmhainní sin a chaomhnú agus, nuair is féidir, a fheabhsú (“an cuspóir infheistíochta”). Déanfar an cuspóir infheistíochta a shaothrú thar an tréimhse infheistíochta ionchasach, agus déanfar é a chomhlíonadh le leibhéal ard muiníne.

Déanfar na sócmhainní a bhainistiú i gcomhréir le rialacha stuamachta agus prionsabail na bainistíochta fóna airgeadais agus i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagann oifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin amach.

Déanfar an cuspóir infheistíochta a chomhlíonadh trí straitéis stuama infheistíochta a chur chun feidhme arna bunú ar ardleibhéal éagsúlaithe thar chineálacha sócmhainní, limistéir gheografacha, eistheoirí agus aibíochtaí incháilithe (“an straitéis infheistíochta”). Agus an straitéis infheistíochta á leagan amach cuirfeadh an tréimhse infheistíochta ionchasach san áireamh agus áiríteofar go mbeidh na cistí is gá ar fáil i bhfoirm leachtach a dóthain de réir mar is gá agus nuair is gá.

Cuirfeadh an straitéis infheistíochta in iúl i bhfoirm leithdháileadh straitéiseach sócmhainní, lena leagfar amach na spriocleithdháilí tascacha ar chatagóirí difriúla sócmhainní airgeadais incháilithe.

Léireoidh an Coimisiún an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní i dtagarmharc straitéiseach (“an tagarmharc”), lena gcuirfeadh feidhmíocht shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach i gcomparáid.

Beartóidh an Coimisiún an straitéis infheistíochta agus an tagarmharc agus déanfar iad a chomhaontú le hoifigeach cuntasáíochta an Choimisiúin, tar éis dul i gcomhairle le hoifigigh údarúcháin an Choimisiúin trí tharmligean.

Féadfaidh an Coimisiún an straitéis infheistíochta agus an tagarmharc a mhodhnú má bhíonn athrú ar na dálaí eacnamaíocha arna dhoiciméadú agus arna réasúnú go cuí, athrú substaintiúil ar ríochtánais agus staid na n-ionstraimí ranníocaíochta nó athrú nach beag ar mheastacháin insreafa/eis-sreafa. Is ionann an nós imeachta chun an straitéis infheistíochta a mhodhnú agus an ceann a bhí ann nuair a glacadh i dtosach í.

Agus an straitéis infheistíochta á bunú cuirfeadh an tréimhse infheistíochta ionchasach agus lamháltas riosca shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach san áireamh.

### 3. NA PRIONSABAIL MAIDIR LE SÓCMHAINNÍ A LEITHDHÁILEADH AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ INCHÁILITHE

Áiritheofar éagsúlú leordhóthanach i measc na gcineálacha sócmhainní ar fad agus laistigh díobh chun rioscaí infheistíochta a laghdú. I bprionsabal, dá mhéad riosca agus/nó leachtacht a bhaineann le sócmhainn, is ea is lú dlúithe na neamhchosainte.

Is féidir neamhchosaint ar na cineálacha difriúla sócmhainní agus éagsúlú a bhaint amach freisin trí infheistíochtaí i ngnóthais chomhinfeistíochta nó táirgí arna dtrádáil ar an malartán.

Ní dhéanfar sócmhainní CEGC faoi leachtú ná, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a infheistiú ach iontu seo a leanas:

- (a) sócmhainní margaidh airgid arna sloinneadh in euro;
- (b) urrúis ioncaim sheasta; agus
- (c) comhinfeistíochtaí rialáilte i bhfiachas agus cothromas.

Beidh neamhchosaint ag sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach ar na cineálacha sócmhainní dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo seo trí infheistiú sna hionstraimí seo a leanas nó trí na hoibríochtaí seo a leanas a dhéanamh:

- (a) taiscí;
- (b) ionstraimí margaidh airgid agus cistí margaidh airgid, lena dtugtar leachtacht laethúil, mar a rialaítear le Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup>;
- (c) ionstraimí fiachais, amhail bannaí, billí, agus nótaí, agus ionstraimí urrúsaithe i gcomhréir leis na critéir shimplí, thrédhearcacha agus chaighdeánaithe (STS) a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup>;
- (d) gnóthais chomhinfeistíochta a chumhdaítear le Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> lena n-áirítear cistí arna dtrádáil ar an malartán a infheistítear in ionstraimí cothromais nó fiachais i gcás nach féidir le huaschailteanais a bheith níos mó ná na méideanna a infheistíodh;
- (e) comhaontuithe athcheannaigh i gcomhréir leis an bprionsabal a bunaíodh le hAirteagal 212(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup> (an “Rialachán Airgeadais”);
- (f) comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais;
- (g) oibríochtaí iasachta urrús le córais imréitigh aitheanta amhail Clearstream agus Euroclear, nó le príomhinstitiúidí airgeadais a shainfheidhmíonn sa chineál seo oibríochta.

Ní úsáidfeadh díorthaigh, i bhfoirm conarthaí todhcháiochtaí, conarthaí réamhcheaptha agus babhtálacha, ach chun punanna a bhainistiú go héifeachtúil, agus ní úsáidfeadh iad chun críoch amhantraíochta ná chun suíomhanna a ghíaráil. Is féidir na díorthaigh sin a úsáid chun an fad a choigeartú, chun creidmheas nó riosca ábhartha eile a mhaolú nó le haghaidh athruithe i leithdháileadh na sócmhainní atá comhsheasmhach leis an bpolasaí infheistíochta.

Is féidir sócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a infheistiú i mbannaí fíorleachtacha atá sloinnte i ndollair na Stát Aontaithe arna n-eisiúint ag eintitis rialtais agus eintitis fhornáisiúnta ar mhaithe le héagsúlú agus neamhchosaint ar chuar eile ráta úis, agus ar mhaithe leo siúd amháin. Déanfar aon riosca airgeadra a fháil trí úsáid iomchuí a bhaint as babhtálacha nó ionstraimí eile le haghaidh fálú airgeadra eachtraigh, faoi mar a shonraítear san fhomhír roimhe seo.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2017/1131 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le cistí margaidh airgid (IO L 169, 30.6.2017, lch. 8).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí thrédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

<sup>(3)</sup> Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh chomhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCU) (athmhúnú) (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais in infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Féadfaidh an Coimisiún, faoi réir chomhaontú an oifigigh cuntasáíochta, raon feidhme na n-infheistíochtaí incháilithe a mhéadú chun cineálacha eile sócmhainní agus oibríochtaí eile infheistíochta a áireamh, infheistíochtaí a bheadh comhsheasmhach leis an straitéis infheistíochta agus leis na cuspóirí infheistíochta, chomh maith le bheith comhsheasmhach le hairgeadraí geilleagar sárthhorbartha eile, mar a liostaíonn an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta iad ó am go ham agus a bheadh faoi réir fhálú an riosca airgeadra. Aon chinneadh aicmí nua sócmhainní, oibríochtaí nua infheistíochta nó airgeadraí nua geilleagar sárthhorbartha a áireamh, tacófar leis le réasúnú réasúnaithe de réir aicme sócmhainní, oibríochta nó airgeadra maidir leis an gcaoi a gcuirfeadh feabhas ar fheidhmíocht riosca agus toraidh shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach de bharr na bhféidearthachtaí leathnaithe infheistíochta. Sa réasúnú sin áireofar measúnú ar na hinniúlachtaí oibríochtúla lena mbeidh gá chun tacú leis na féidearthachtaí nua infheistíochta sin.

#### 4. BREITHNITHE COMHSHAOIL, SÓISIALTA, RIALACHAIS AGUS MORÁLTA

Beidh feidhm ag na critéir chomhshaoil, shóisialta agus rialachais (ESG) seo a leanas:

- (a) cuirfeadh infheistíochtaí shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach chun feidhme i gcomhréir le cuspóir beartais an Aontais maidir le cothroime inbhuanaithe airgeadais agus shóisialta a chaomhnú a mhéad atá comhsheasmhach le caipiteal na sócmhainní a chosaint;
- (b) agus an beartas infheistíochta á chur chun feidhme déanfar an reachtaíocht ábhartha ar fad a chomhlíonadh, reachtaíocht lena gcuirtear ionstraimí airgeadais ESG chun cinn, agus déanfar na caighdeáin, córais, critéir agus próisis ábhartha arna mbunú le creat rialacháin an Aontais a urramú;
- (c) féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an Sainghrúpa Teicniúil um Maoiniú Inbhuanaithe, nó lena chomharba, maidir le fachtóirí ESG a chur chun feidhme ar straitéis infheistíochta le haghaidh shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach;
- (d) déanfaidh an Coimisiún faireachán ar phróifíl ESG shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, agus tuairisceoidh sé uirthi sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i bpointe 7 (nósanna imeachta Bainistíochta).

Ar fhorais mhorálta nó eiticiúla, déanfar na gníomhaíochtaí sa liosta seo a leanas a eisiáil chun críoch infheistíochta:

- (a) infheistíochtaí in urrúis arna n-eisiúint ag eintitis a fuarthas amach maidir leo, i bhfios don Choimisiún agus trí bhreithiúnas críochnaitheach nó cinneadh riaracháin críochnaitheach, go raibh ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas á dhéanamh acu:
  - (i) gníomhaíochtaí a mheastar a bheith mídhleathach nó ar cuireadh cosc orthu ar fhorais mhorálta nó eiticiúla faoi chreat rialacháin an Aontais agus coinbhinsiúin agus comhaontuithe idirnáisiúnta;
  - (ii) gníomhaíochtaí a bhaineann le forbairt, táirgeacht agus trádáil armlóin nó arm a bhfuil cosc orthu de bharr an dlí idirnáisiúnta is infheidhme;
- (b) infheistíochtaí in urrúis arna n-eisiúint ag gnóthais a ghineann, i bhfios don Choimisiún, níos mó ná 25 % dá n-ioncam bliantúil foriomlán ó na gníomhaíochtaí a liostaítear thíos:
  - (i) gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcearrbhachais (gníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeacht, tógáil, dáileadh, próiseáil, trádáil nó bogearraí);
  - (ii) táirgí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le tobac (táirgeadh, dáileadh, próiseáil, agus trádáil);
  - (iii) trádáil an ghnéis agus bonneagar, seirbhísí agus meáin ghaolmhara.

#### 5. AN tAISTRIÚ CHUIG BUISÉAD GINEARÁLTA AN AONTAIS

An glanioncam ó infheistíochtaí shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach agus na n-ioncam arna nginiúint trí chuid de na sócmhainní a dhíol, cuirfeadh iad le buiséad ginearálta an Aontais mar ioncam tiomnaithe agus aistreofar iad ó shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, ó shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach nuair is gá chun na hoibleagáidí ón líne buiséid atá dírithe ar chlár thaighde na n-earnálacha a bhaineann leis an tionscal guail agus cruach a chomhlíonadh.

## 6. CUNTASAÍOCHT

Cuirfear bainistiú na gcistí san áireamh i gcuntais bhliantúla shócmhainní CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach. Bunófar iad seo ar Rialacha Cuntasaíochta an Choimisiúin mar a ghlac oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin iad agus cuirfear i láthair iad i gcomhréir leo, agus cineál sonracha CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach á chur san áireamh. Déanfaidh an Coimisiún na cuntais a fhorghéara agus déanfaidh an Chúirt Iniúcháir scrúdú orthu. Fostóidh an Coimisiún gnólaigh seachtracha chun iniúchadh bliantúil a dhéanamh ar a chuntais.

## 7. NÓSANNA IMEACHTA BAINISTÍOCHTA

I ndáil le CEGC faoi leachtú agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, déanfaidh an Coimisiún na hoibríochtaí bainistíochta thuasluaite i gcomhréir leis na treoirlínte seo agus faoina rialacha agus nósanna imeachta inmheánacha a bheidh i bhfeidhm ar CEGC ar uair a dhíscaoilte nó faoi mar a mhodhnófar iad ina dhiaidh sin.

Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil mhionsonraithe bhliantúil ar na hoibríochtaí bainistíochta a dhéanfar faoi na treoirlínte airgeadais seo agus seolfaidh sé chuig na Ballstáit í. Sa tuarascáil bhliantúil, áireoidh an Coimisiún faisnéis faoi úsáid na gcineálacha difriúla sócmhainní, na cúiseanna leis an rogha infheistiú i gcineálacha sonracha sócmhainní agus feidhmíocht bhreathnaithe gach cineál sócmhainní.

---

**CINNEADH (AE) 2021/1208 ÓN gCOMHAIRLE****an 19 Iúil 2021**

**lena leasaítear Cinneadh 2003/76/CE lena mbunaítear na bearta is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, ar Prótacal é atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus maidir leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Phrótacal (Uimh. 37) maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 2, an chéad mhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa <sup>(1)</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chuaigh an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach in éag an 23 Iúil 2002 i gcomhréir le hAirteagal 97 den Chonradh sin. Aistríodh sócmhainní agus dócmhainní uile an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC) chuig an Aontas an 24 Iúil 2002.
- (2) I gcomhréir le Prótacal (Uimh. 37), táthar chun glanluach na sócmhainní agus na ndócmhainní, faoi mar a thaispeántar iad i gclár comhardaithe CEGC an 23 Iúil 2002, a mheas mar shócmhainní atá ceaptha le haghaidh taighde sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach, dá ngairtear “CEGC faoi leachtú”, agus, dá ngairtear, ar an leachtú a bheith críochnaithe, “sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach”.
- (3) Foráiltear le Prótacal (Uimh. 37) freisin go bhfuiltear chun leas eisiach a bhaint as an ioncam ó na sócmhainní sin, dá ngairtear “An Ciste Taighde um Ghual agus Cruach” (RFCS), le haghaidh taighde, lasmuigh den chlár réime taighde, sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach i gcomhréir le forálacha Phrótacal (Uimh. 37) agus gníomhartha arna nglacadh ar bhonn an phrótacail sin.
- (4) An 1 Feabhra 2003 ghlac an Chomhairle Cinneadh 2003/76/CE <sup>(2)</sup>, lena mbunaítear na rialacha le haghaidh Phrótacal (Uimh. 37) a chur chun feidhme.
- (5) De bharr an chomhthéacs rátaí ísle úis, tá na hioncaim arna sannadh do chistiú na dtionscadail taighde maidir le gual agus cruach ag laghdú go gasta. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh nach mbainfí amach an t-íosbhuiséad criticiúil atá ann chun glao bliantúil ar thograí a eagrú le haghaidh chlár taighde de chuid RFCS (“an clár”). Tá gá le híosbhuiséad criticiúil le haghaidh glao a eagrú ionas go mbeidh an clár in ann tacaíocht fhónta a thabhairt do thionscadail taighde chomhoibríocha fhiúntacha a bhfuil an mhais chriticiúil agus an breisluach Aontais acu chun feabhas a chur ar an inbhuanaitheacht, an iomaíochas, an tsláinte, an tsábháilteacht agus dálaí oibre sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach, agus an tionchar atá ag na hearnálacha sin ar an gcomhshaol a laghdú.

<sup>(1)</sup> Toiliú an 7 Iúil 2021 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

<sup>(2)</sup> Cinneadh 2003/76/CE ón gComhairle an 1 Feabhra 2003 lena mbunaítear na bearta is gá chun an Prótacal a chur chun feidhme, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach, maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach (IO L 29, 5.2.2003, lch. 22).



- (6) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, thug an Coimisiún gealltanais tacú le teicneolaíochtaí ceannródaíochta don chruach glan lena mbainfeadh próiseas déanta cruach atá beagnach saor ó charbón amach faoi 2030. Chun an méid sin a chumasú, thug an Coimisiún gealltanais féachaint an bhféadfaí cuid den chistiú faoinn CEGC faoi leachtú a úsáid.
- (7) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bplean dar teideal *European Green Deal Investment Plan* [Plean Infheistiúcháin an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip], bhí an Coimisiún den tuairim, chun spriocanna an Aontais a bhaint amach, gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar bhunús dlí RFCS chun go mbeifear in ann sócmhainní CEGC faoi leachtú a úsáid agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní RFCS a úsáid.
- (8) Ba cheart go gceadófaí sciar de shócmhainní CEGC faoi leachtú a dhíol agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní RFCS a dhíol chun tionscadail taighde sna hearnálacha guail agus cruach a mhaoiniú, ar choinníoll go gcoinneofar cúlchistí chun na hoibleagáidí teoranta atá fágtha a ráthú, atá mar thoradh ar aon dócmhainn nárbh fhéidir a thuar, agus ar choinníoll go ndéanfar cuid réasúnach de na sócmhainní nach bhfuil gá léi a thuilleadh chun na hoibleagáidí sin a ráthú a infheistiú chun ioncaim a ghiniúint.
- (9) D'fhéadfadh go mbeadh gá sciar de shócmhainní CEGC faoi leachtú a dhíol agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní RFCS a dhíol chun leithdháileadh bliantúil EUR 111 mhilliún a sholáthar do RFCS go dtí 2027. Bainfeadh úsáid as an leithdháileadh sin mar a leanas: le EUR 40 milliún in aghaidh na bliana maoineofar taighde comhoibríoch in earnálacha an ghuaill agus na cruach agus leis an EUR 71 mhilliún atá fágtha maoineofar teicneolaíochtaí ceannródaíochta lena mbainfeadh amach próiseas déanta cruach atá beagnach saor ó charbón agus tionscadail taighde maidir le haistriú cóir mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo nó mianaigh ghuaill atá á ndúnadh, agus bonnagar gaolmhar i gcomhréir leis an Sásra um Aistriú Cóir agus i gcomhlíonadh Airteagal 4(2) de Chinneadh 2003/76/CE. Tá an fhéidearthacht sciar de shócmhainní CEGC faoi leachtú a dhíol agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní RFCS a dhíol teoranta do leithdháilí bliantúla do na blianta airgeadais 2021–2027 a mhaoiniú.
- (10) Ba cheart, mar sin, gan RFCS a mhaoiniú leis an nglanioncam ó na hinfeistiúcháin amháin ach, i gcás inar gá, leis an ioncam arna ghiniúint trí chuid de shócmhainní RFCS a dhíol freisin, go feadh an mhéid a bheartaítear don tréimhse 2021–2027.
- (11) Ba cheart na forálacha lena leagtar síos an nós imeachta maidir le glacadh na dtreoirlínte airgeadais ilbhliantúla le haghaidh na sócmhainní a bhainistiú agus iad sin lena leagtar síos an nós imeachta maidir le treoirlínte teicniúla ilbhliantúla le haghaidh an chláir a scriosadh, mar go cumhdaítear iad le hAirteagal 2(2) de Phrótocal (Uimh. 37) agus go bhfuil siad iomarcach dá bhrí sin.
- (12) Ba cheart deireadh a chur leis an sásra smúdála dá dtagraítear in Airteagal 5(2) de Chinneadh 2003/76/CE toisc gur uirlis é atá imithe i léig.
- (13) Ba cheart mír nua a chur isteach in Airteagal 1 de Chinneadh 2003/76/CE chun go bhféadfar éilimh a dhíscríobh bunaithe ar na príonsabail a bunaíodh le hAirteagal 101(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>(3)</sup> (“an Rialachán Airgeadais”).
- (14) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2003/76/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2003/76/CE mar a leanas:

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

“1a. Déanfaidh an Coimisiún éilimh a dhíscríobh, fiú mura mbeidh na leigheasanna sin uile ídithe, sna cásanna seo a leanas:

- (a) i gcás nach mbeadh an costas aisghabhála is intuartha os cionn an mhéid atá le haisghabháil agus nach ndéanadh an díscríobh dochar d’iomhá an Aontais;
- (b) i gcás nach féidir an t-éileamh a aisghabháil i bhfianaise dhócmhainneacht an fhéichiúnaí, nó aon imeachtaí dócmhainneachta eile;
- (c) i gcás nach bhfuil aisghabháil ag teacht le prionsabal na comhréireachta.”;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

“Airteagal 2

1. Bainisteoidh an Coimisiún na sócmhainní ar dhóigh a choimeádfaidh leithdháileadh an Chiste Taighde do Ghual agus Cruach bliantúil EUR 111 mhiliún go dtí an bhliain 2027 chun taighde sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach a mhaoiniú, eadhon EUR 40 milliún chun taighde comhoibríoch sna hearnálacha sin a mhaoiniú agus EUR 71 mhiliún chun taighde le haghaidh teicneolaíochtaí ceannródaíoch a lena mbainfear amach próiseas déanta cruach atá beagnach saor ó charbón a mhaoiniú agus chun tionscadail taighde agus nuálaíochta maidir le haistriú cóir mianach guail a bhíodh ag feidhmiú roimhe seo nó mianaigh ghuail atá á ndúnadh a mhaoiniú, agus bonneagar gaolmhar i gcomhréir leis an Sásra um Aistriú Cóir agus i gcomhlíonadh Airteagal 4(2). Tar éis na bliana 2027, bainisteoidh an Coimisiún na sócmhainní ar dhóigh a áiritheoidh fáiltas fadtéarmach. Déanfar na sócmhainní a infheistiú agus é mar chuspóir luach na sócmhainní sin a chaomhnú, nó i gcás inarb fhéidir, iad a fheabhsú.

2. Ba cheart an leithdháileadh bliantúil arb é EUR 111 mhiliún a bheith comhdhéanta den ghlanioncam ó na hinfeistíochtaí agus, mura leor an t-ioncam sin, cuid de shócmhainní CEGC faoi leachtú a dhíol agus, ar an leachtú a bheith críochnaithe, sócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach a dhíol.”;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

“Airteagal 3

1. Dréachtófar cuntas brabúis agus cailteanais, clár comhardaithe agus tuarascáil airgeadais gach bliain chun go léireofar, ar leithligh ó oibríochtaí airgeadais eile an Aontais, na hoibríochtaí leachtaithe dá bhforáiltear in Airteagal 1 agus na hidirbhearta infheistíochta agus oibríochtaí bainistíochta sócmhainní faoi Airteagal 2.

Cuirfear na tuarascálacha airgeadais seo i gceangal leis na ráitis airgeadais arna dtarraingt suas ag an gCoimisiún go bliantúil faoi Airteagal 318 CFAE agus faoi Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*) (“an Rialachán Airgeadais”).

2. Cumhachtaí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus na Cúirte Iniúchóirí maidir le rialú agus urscaoileadh mar a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus sa Rialachán Airgeadais, beidh feidhm acu maidir leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1.

(\*) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).”;

(4) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Ioncam i mbuiséad ginearálta an Aontais a bheidh sa ghlanioncam ó infheistíochtaí dá bhforáiltear faoi Airteagal 2 agus san ioncam a ghintear trí chuid de na sócmhainní a dhíol. Cuirfear an t-ioncam sin in áirithe chun críche sonraí, eadhon tionscadail taighde sna hearnálacha atá gaolmhar leis an tionscal guail agus cruach nach gcumhdaítear leis an gClár Réime um Thaighde a mhaoiniú. Is é an Ciste Taighde um Ghual agus Cruach a bheidh ann agus is é an Coimisiún a bhainisteoidh é.”;

(b) scriostar mír 3;

- (5) in Airteagal 5, scriostar mír 2;  
(6) scriostar an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. PODGORŠEK

---

## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 231 an 30 Meitheamh 2021)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 30 Meitheamh 2021)

Ar leathanach 163, aithris (27):

*in ionad:* “[...] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> (‘Rialachán Interreg’) [...]”

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).”,

*léitear:* “[...] Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> (‘Rialachán Interreg’) [...]”

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/1059 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh (féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo).”,

Ar leathanach 164, aithris (29):

*in ionad:* “[...] agus ag Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> (‘Rialachán CUAC’) maidir le CUAC agus maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC, a bheidh ina gcuid de thacaíocht CUAC freisin. Níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> (‘Rialachán CFRE agus CC’) ná Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> (‘Rialachán CSE+’) [...]”

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (féach leathanach 159 den Iris Oifigiúil seo).”,

*léitear:*

“[...] agus ag Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> (‘Rialachán CUAC’) maidir le CUAC agus maidir le hacmhainní CFRE agus CSE+ a aistrítear chuig CUAC, a bheidh ina gcuid de thacaíocht CUAC freisin. Níor cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> (‘Rialachán CFRE agus CC’) ná Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> (‘Rialachán CSE+’) [...]”

- 
- <sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).
- <sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe (féach leathanach 60 den Iris Oifigiúil seo).
- <sup>(3)</sup> Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (féach leathanach 21 den Iris Oifigiúil seo).”
-



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)